

Múinteoirí ar stailc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi mhúinteoirí meánscoile atá ar stailc. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. baill _____
2. nuacháilithe _____
3. comhghleacaithe _____
4. feitheoireacht _____
5. ionadaíocht _____
6. scála pá _____
7. comhaontú _____
8. fuílleach _____
9. cothrom na féinne _____
10. tacaíocht _____
11. idirghabháil _____
12. tairiscint _____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 A. Bí ag caint leis an duine in aice leat. Glacai gí sealanna na focail thuas a chur in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh síos; is leor iad a rá amach os ard.

B. Cad is brí leis an seanfhocal: ‘is maith an scéalaí an aimsir’?

C. Cad is brí leis an nath cainte: ‘idir dhá thine Bhealtaine’?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé mhéad scoil atá dúnta agus cén fáth?
2. Meastar go bhfanfaidh 400 scoil eile dúnta ar feadh na seachtaine. Cén fáth?
3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas?
 - Seán Ó Céilleachair
 - Katie Ní Ríordáin
 - Andrea Ní Ríordáin
4. Cén fáth ar luadh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais?

Ceist 4 ‘...*Ní raibh...*’

Tá foirm neamhghnách ag na briathra mírialta san aimsir chaite. Lión na bearnaí sa bhosca thíos leis an bhfoirm cheart de gach briathar.

VIFAX 10 Samhain 2016
Meánleibhéal

	An cheist	An freagra dearfach	An freagra diúltach
Abair	An ndúirt tú...?	Dúirt.	Ní dúirt.
Beir		Rug.	
Bí	An raibh sé...?		
Clois			Níor chuala.
Déan		Rinne.	
Faigh	An bhfuair sibh...?		
Feic	An bhfaca tú...?		
Ith		D'ith.	
Tabhair			Níor thug.
Tar			Níor tháinig.
Téigh		Chuaigh.	

Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat (ag úsáid na mbriathra thuas) faoin deireadh seachtaine a bhí aige nó aici.

Ceist 5 ‘...i mbun stailce...’ agus ‘...i mbun feitheoireachta...’

Tá na focail a bhfuil líne fúthu sa tuiséal ginideach uatha. Cén fáth?

Cuir na hainmfhocail atá idir lúbíní thíos sa tuiséal ginideach. Ansin cuir na frásaí in abairtí lena mbrí a léiriú.

i mbun (ionadaíocht)	
i mbun (obair)	
i mbun (feachtas)	
i mbun (agóid)	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An aontaíonn tú leis na múinteoirí atá ar stailc? Cén fáth?
2. Cén toradh a bheidh ar an agóid idir an rialtas agus na múinteoirí, dar leat?
3. An post deacair é post an mhúinteora? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|----------------------|---------------------------|
| 1. baill | <i>members</i> |
| 2. nuacháilithe | <i>newly qualified</i> |
| 3. comhghleacaithe | <i>colleagues</i> |
| 4. feitheoireacht | <i>supervision</i> |
| 5. ionadaíocht | <i>substitution</i> |
| 6. scála pá | <i>pay scale</i> |
| 7. comhaontú | <i>agreement</i> |
| 8. fuilleach | <i>remainder, surplus</i> |
| 9. cothrom na féinne | <i>fair play</i> |
| 10. tacaíocht | <i>support</i> |
| 11. idirghabháil | <i>intervention</i> |
| 12. tairiscint | <i>offer</i> |

Ceist 2

- A. Tabhair deis do gach beirt na focail a chleachtadh le chéile.
 B. Is maith an scéalaí an aimsir. – *Time will tell.*
 C. idir dhá thine Bhealtaine – *in a dilemma*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Abair	An ndúirt tú...?	Dúirt.	Ní dúirt.
Beir	Ar rug sí...?	Rug.	Níor rug.
Bí	An raibh sé...?	Bhí.	Ní raibh.
Clois	Ar chuala muid...?	Chuala.	Níor chuala.
Déan	An ndearna sí...?	Rinne.	Ní dhearna.
Faigh	An bhfuair sibh...?	Fuair.	Ní bhfuair.
Feic	An bhfaca tú...?	Chonaic.	Ní fhaca.
Ith	Ar ith mé...?	D'ith.	Níor ith.
Tabhair	Ar thug tú...?	Thug.	Níor thug.
Tar	Ar tháinig sí...?	Tháinig.	Níor tháinig.
Téigh	An ndeachaigh siad...?	Chuaigh.	Ní dheachaigh.

Ceist 5

Cuirtear an t-ainmfhocal a leanann réamhfhocal comhshuite sa tuiséal ginideach.

- | | |
|---------------------|---------------------|
| i mbun ionadaíochta | <i>substituting</i> |
| i mbun oibre | <i>at work</i> |
| i mbun feachtais | <i>campaigning</i> |
| i mbun agóide | <i>protesting</i> |

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhí 70% de scoileanna dara leibhéal na tíre dúnta arís inniu agus baill de Chumann na Meánmhúinteoirí i mbun stailce. Tá an Cumann ag iarraidh go bhfaigheadh múinteoirí nuacháilithe an pá céanna lena gcomhghleacaithe. Meastar go bhfanfaidh suas le 400 scoil dúnta an chuid eile den tseachtain mar nach bhfuil múinteoirí sásta dul i mbun feitheoireachta ná ionadaíochta.

Grett O'Connor

Ní raibh an aimsir i gCorcaigh oiriúnach don obair a bhí idir lámha ag baill de Chumann na Meánmhúinteoirí ar maidin. Bhíodar amuigh mar sin féin ag agóidíocht¹ ar son chearta a gcomhghleacaithe nuacháilithe chun a bheith ar an scála pá céanna le gach éinne² a thosaigh ag obair i meánscoil roimh 2011. Ar cheart dóibh glacadh le Comhaontú Lansdúin, rud a thabharfadh ardú pá don dream óg?

Seán Ó Céilleachair, Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair

Nílimid sásta a bheith ag feitheoireacht gan airgead, sin an príomhrud a bhí i gceist ansin, agus tá fuilleach airgid anois daoine a thabhairt isteach. Tugadh fuilleach, fuilleach ama don rialtas an mhí seo a chuaigh tharainn an cheist sin a thabhairt chun críche, abair, ach níl faic déanta acu agus fágadh ansin idir dhá thine Bhealtaine sinn, abair. Cad a dhéanfa ansin ach vótáil ina choinne, abair?

Katie Ní Ríordáin, cáilithe le 3 bliana

Tá sé fíochmhar-mhífhéaráilte go bhfuilimid ar ráta pá i bhfad níos ísle. Ní hé go bhfuilimid ag lorg an phá chéanna leis na múinteoirí atá ag múineadh le blianta agus an-chuid taithí acu, ach táimid ag lorg chothrom na féinne ionas go mbeimis ar an scála pá céanna agus ag tosú amach ar an bpá céanna a thosaíodar sin amach air freisin.

Andrea Ní Ríodáin, Múinteoir Nua-Cháilithe

Ag deireadh an lae táimid ag teacht amach leis an gcéim chéanna. Táimid ag déanamh poist díreach mar an gcéanna ach tá siad ag fáil pá níos airde don rud díreach céanna agus tá sé sin an-mhíchothrom ar fad.

Grett O'Connor

An gceapann siad go bhfuil tacaíocht an phobail acu agus tacaíocht na dtuismitheoirí go speisialta?

Seán Ó Céilleachair, Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair

Faoi láthair, tá an tacaíocht againn. Ach, mar a dúrt³, is maith an scéalaí an aimsir.

Grett O'Connor

Tá tuairimíocht ar leith ann le ceithre huairé an chloig is fiche anuas go dtiocfaidh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais nó páirtí éigin eile isteach sa scéal chun idirghabháil a dhéanamh ar mhaithe le réiteach a shocrú. Inniu, dúirt Uachtarán Chumann na Meánmhúinteoirí, Ed Byrne, nach mbeidís i gcoinne a leithéid agus go mbeidís sásta é sin a phlé, ach nach raibh tairiscint ar bith faighte acu.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

¹ ag agóid an leagan caighdeánach

² aon duine an leagan caighdeánach

³ Córas na Mumhan